**RABHADH**

**Ná déan dearmad an páipéar seo a chur ar ais le do fhreagarleabhar, nó caillfidh tú marcanna.**

Scríobh do Scrúduimhir anseo:

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014**

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 1 – FILLTEÁN (60 marc)

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 – 11.30**

| Greille Mharcála an Fhillteáin | | | | |
|---|---|---|---|---|
| **Ceisteanna** | | **Marc** | **Scrúdaitheoir** | **Scrúdaitheoir Comhairleach** |
| | @ | 3 | | |
| | @ | 2 | | |
| | @ | 1 | | |
| | @ | 0 | | |
| **Marc Iomlán** | | | | |

**NÓTA: TÁ ROINN 2 DEN SCRÚDÚ AR PHÁIPÉAR AR LEITHLIGH**

**ROINN 1 (60 marc)**

Freagair **GACH** ceist.
Tá rogha agat laistigh de thrí cheist.
Déan deimhin de go gcuireann tú an fillteán seo ar ais le do fhreagarleabhar.
Caillfidh tú marcanna mura gcuireann.

## 1. SCREAMH AN DOMHAIN




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus cuir ciorcal thart ar an rogha ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an limistéar atá á léiriú leis an líne dhearg ar an léarscáil ná Droim an Atlantaigh Láir. ***Fíor / Bréagach***

(ii) Tá mórán bolcán sa limistéar seo. ***Fíor / Bréagach***

(iii) Imbhuaileann plátaí screimhe le chéile sa limistéar seo. ***Fíor / Bréagach***

## 2. CREATHANNA TALÚN

Críochnaigh gach ceann de na habairtí a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an bpointe ar dhromchla an domhain díreach os cionn fhócas crith talún ná an ______________________________.

(ii) Tomhaistear méid crith talún ar Scála ___________________ .

(iii) Is é a thugtar ar thonn mhór a eascraíonn as crith talún faoi uisce in aigéan ná __________________________.

## 3. OLLGHLUAISEACHT




Is é a thugtar ar shraith iomairí beaga a chnuasaíonn mar thoradh ar ithirthéaltú ná:

Glár ☐

Ithirchisil ☐

Láibshreabha ☐

Fargáiníní ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 4. AER AG ÉIRÍ AGUS AG TITIM

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas díobh atá ceart.

1. Cruthaíonn aer fuar ag an bPol Thuaidh ardbhrú.
2. Tá baint ag frithchioclón le haimsir fhuar fhliuch.
3. Is é is aeráid ann ná meánstaid an atmaisféir in imeacht tréimhse ghearr.
4. Tugtar doldrama ar réimsí lagbhrú in aice leis an meánchiorcal.
5. Is minic a thosaíonn lagrach os cionn an Atlantaigh Thuaidh.

1, 2, 3 ☐

2, 3, 4 ☐

1, 4, 5 ☐

2, 4, 5 ☐

## 5. FEACHTAÍ AIGÉIN

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Cuidíonn Síobadh Mór an Atlantaigh Thuaidh chun an teocht in Éirinn sa gheimhreadh a ***ardú / ísliú***.

(ii) Bíonn ***Feacht Labrador / Sruth na Murascaille*** ina chúis le haimsir fhuar in Oirthear Cheanada.

(iii) Feacht ***te / fuar*** a ghluaiseann i dtreo an mheánchiorcail é Feacht na gCanárach.

## 6. AIBHNEACHA

Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | Cnaí |
| B | Scríobchaitheamh |
| C | Gníomhú Hiodrálach |
| D | Tuaslagadh |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Fórsa uisce atá ag gluaiseacht. |
| 2 | Ceimiceáin in uisce a bhriseann said síos carraigeacha áirithe. |
| 3 | Ualach abhann ag bualadh i gcoinne ghrinneall na habhann agus i gcoinne na mbruach. |
| 4 | Clocha ag bualadh i gcoinne a chéile agus iad á n-iompar ag an abhainn. |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 1 |
| D | |

## 7. LOMAIRT




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar an gcarraig bhriste sa limistéar ardtalún a thaispeántar san fhótagraf ná ***glár / scileach***.

(ii) Toradh ar shíonchaitheamh ***ceimiceach / meicniúil*** an charraig bhriste seo.

(iii) ***Domhantarraingt / creimeadh*** a thugann ar an gcarraig bhriste gluaiseacht síos le fána an tsléibhe.

**FREAGAIR 8A NÓ 8B**

**8A. ITHREACHA**

Críochnaigh gach ceann de na habairtí agus na téarmaí cearta as an liosta thíos á n-úsáid agat.

| | | |
|---|---|---|
| Donnithreacha | Cruachiseal | Miocrorgánaigh |
| Húmas | Podsail | Ithirchiseal B |

(i) _________________________ na hithreacha is coitianta in Éirinn.

(ii) Ithreacha iad_____________________ a fhaightear i limistéir ardtalún in Éirinn.

(iii) _____________________ a thugtar ar easair phlandaí nuair a bhristear síos í.

**NÓ**

**8B. AIBHNEACHA**




Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é atá sa ghné abhann a thaispeántar san fhótagraf thuas ná ***deilt / V-ghleann***.

(ii) Faightear an ghné seo i gcúrsa ***uachtarach / íochtarach*** abhann.

(iii) Is é an próiseas trínar cruthaíodh í ná ***creimeadh / sil-leagan*** abhann.

**FREAGAIR 9A NÓ 9B**

**9A. TÍREOLAÍOCHT UIRBEACH**

Is é príomhfheidhm baile dórtúir ná:

Caitheamh aimsire ☐

Conaí ☐

Tionsclaíocht ☐

Cosaint ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**NÓ**

**9B. AERÁID**



www.depositphotos.com

Léirínn an cartún seo an toradh a bhíonn ar cheann acu seo a leanas:

Báisteach aigéadach ☐

Teicteonaic phlátaí ☐

Síonchaitheamh ☐

Téamh domhanda ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**FREAGAIR 10A NÓ 10B**

**10A. FUINNEAMH IN-ATHNUAITE**




Taispeánann an fótagraf feirm ghaoithe ag Ceann an Chairn, Co. Loch Garman.

Ainmnigh **trí** chineál eile fuinnimh in-athnuaite.

(i) ________________________________

(ii) ________________________________

(iii) ________________________________

**NÓ**

**10B. FEIRMEOIREACHT**

Is é atá sa bhosca thíos ná ionchuir, próisis agus aschuir ar fheirm.

Cuir ciorcal thart ar **thrí** aschur feirme.

| | | |
|---|---|---|
| *treabhadh* | *saothar* | *gearradh sadhlais* |
| *tarracóir* | *spraeáil* | *laonna* |
| *caipiteal* | *sciodar* | *cruithneacht* |

**11. SUÍOMH TIONSCAIL**

Uaireanta fanann tionscal sa suíomh bunaidh cé go bhfuil na cúiseanna ar bunaíodh sa suíomh sin é imithe ar neamhní. Is é a thugtar air seo ná:

| | |
|---|---|
| Meath tionsclaíoch | ☐ |
| Athshuíomh tionscail | ☐ |
| Táimhe thionsclaíoch | ☐ |
| Tionscal gan chuing | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**12. TALAMH A TUGADH CHUN MÍNTÍREACHAIS**

Cuir ciorcal thart ar an bhfreagra ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Is é a thugtar ar thalamh a tugadh chun míntíreachais ón bhfarraige ná ***poldar / tambaló***.

(ii) Tír atá tar éis talamh a thabhairt chun míntíreachais ón bhfarraige ná ***an Ísiltír / an Ostair***.

(iii) Bíonn lonnaíochtaí ar an talamh a tugadh chun míntíreachais ón bhfarraige ina ngréasáin ***neamhphleanáilte*** / ***phleanáilte*** de ghnáth.

**13. GNIOMHAÍOCHT GHEILLEAGRACH**


Cé acu liosta díobh seo a leanas ar samplaí iad go léir de dhaoine a ghlacann páirt i ngníomhaíocht gheilleagrach threasach?

| | |
|---|---|
| Mianadóir, feirmeoir, Garda, siopadóir. | ☐ |
| Báicéir, altra, iascaire, dochtúir. | ☐ |
| Gruagaire, oifigeach bainc, oibrí foraoise, pluiméir. | ☐ |
| Fiaclóir, treoraí turas, tiománaí tacsaí, múinteoir. | ☐ |

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

## 14. STRUCHTÚR FOSTAÍOCHTA

Fostaíocht in Earnáil an Agraibhia, 2011




Scrúdaigh an phíchairt thuas a thaispeánann an fhostaíocht in earnáil an Agraibhia in 2011.

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart thíos chun a thaispeáint cé acu **trí** ráiteas díobh seo atá ceart.

1. San iascaireacht a bhí an céatadán ba lú den fhostaíocht in earnáil an Agraibhia.
2. Sa talmhaíocht agus sa bhia a bhí 90% den fhostaíocht in earnáil an Agraibhia.
3. San iascaireacht agus i dtáirgeadh deochanna a bhí 8% den fhostaíocht in earnáil an Agraibhia.
4. Bhí beagán os cionn trian de na daoine fostaithe in earnáil an bhia.
5. Bhí an céatadán a bhí fostaithe i dtáirgeadh deochanna níos mó ná an céatadán fostaithe san fhoraoiseacht agus próiseáil adhmaid.

1, 2, 3 ☐

1, 3, 4 ☐

1, 2, 4 ☐

1, 4, 5 ☐


## 15. GRAF DAONRA

Taispeánann an tábla an líon daoine as rogha náisiúntachtaí a bhí ag lonnú agus i láthair in Éirinn ar oíche an Daonáirimh in 2011.

Bain úsáid as an eolas sa tábla chun an barraghraf a chríochnú i gcás na náisiúnach de chuid na Fraince, na hÍsiltíre agus na hUngáire.


| **Náisiúntacht** | Gearmánach | Nigéarach | Afracach Theas | Francach | Iodálach | Ísiltíreach | Spáinneach | Ungárach |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Líon Daoine** | 11,300 | 17,600 | 4,800 | 10,000 | 7,600 | 4,000 | 6,800 | 8,000 |

Curtha in oiriúint ó www.cso.ie



## 16. ÉAGSÚLACHTAÍ RÉIGIÚNACHA

**Rátaí Folúntais sa Tithíochti bPoblacht na hÉireann, 2011**




Cuir ciorcal thart ar an rogha ceart i ngach ceann de na ráitis a leanas.

(i) Bhí an ráta folúntais sa tithíocht níos airde in iarthar na hÉireann ná mar a bhí san oirthear. ***Fíor / Bréagach***

(ii) 10% go < 15% an ráta folúntais sa tithíocht a bhí san fhormhór d'iarthar na Gaillimhe. ***Fíor / Bréagach***

(iii) 15% go < 20 % an ráta folúntais sa tithíocht a bhí i gContae an Chláir go léir. ***Fíor / Bréagach***

**17. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Ainmnigh an gréasán lonnaíochta tuaithe ag X 293 935.

Gréasán lonnaíochta tuaithe ________________________________________

**18. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Sna boscaí a thugtar, meaitseáil gach ceann de na litreacha i **gColún X** le huimhir a phéire i **gColún Y**. Tá péire amháin déanta duit.

| **Colún X** | |
|---|---|
| A | S 275 006 |
| B | X 277 958 |
| C | X 249 952 |
| D | S 246 007 |

| **Colún Y** | |
|---|---|
| 1 | Foraois mheasctha |
| 2 | Spotairde 154 |
| 3 | Carn |
| 4 | Crosaire |

| **X** | **Y** |
|---|---|
| A | |
| B | |
| C | 4 |
| D | |

**19. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS**

Scrúdaigh léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis a thugtar leis an bpáipéar seo.
Laistigh de chearnóg eangaí X 22 92 tá:

Príomhbhóthar Náisiúnta ☐

Bóthar Tánaisteach Náisiúnta ☐

Bóthar den Tríú Grád ☐

Bóthar Réigiúnach ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

**20. AERFÓTAGRAF**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Dhún Garbhán a thugtar leis an bpáipéar seo.
Is é atá ann ná:

Fótagraf ceartingearach ☐

Fótagraf fiar ☐

Cuir tic (✓) sa bhosca ceart.

2014. S28T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2014

---

## TÍREOLAÍOCHT – ARDLEIBHÉAL

## ROINN 2 (90 marc)

---

**DÉ hAOINE, 6 MEITHEAMH – MAIDIN, 9.30 - 11.30**

Tá **ROINN 1** den pháipéar seo i bhfillteán ar leithligh, mar a bhfuil spásanna le haghaidh do chuid freagraí.

NÁ DEARMAD, LE DO THOIL, GO gCAITHFIDH TÚ **FILLTEÁN** COMHLÁNAITHE **ROINN 1** A THABHAIRT AR AIS LE DO FHREAGARLEABHAR.

**ROINN 2 (90 marc)**

Freagair **TRÍ** cheist ar bith.

Tá na ceisteanna uile ar cómharc.

## Ceist 1. CARRAIGEACHA AGUS SÍONCHAITHEAMH

### A. Cineálacha Carraige




www.gwydir.demon.co.uk




www.celticmythphodshow.com




www.tmaa.go.tz

(i) Luaigh cé acu ceann de na híomhánna **A**, **B** nó **C** a thaispeánann carraig bhasailt.

(ii) Ainmnigh áit in Éirinn ina bhfaightear basalt.

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tslí a gcruthaítear basalt.

(10)

### B. Idirghníomhaíocht an Duine



www.inhabitat.com

(i) Luaigh **dhá** bhuntáiste a bhaineann geilleagar na hÉireann as saothrú ola agus gáis.

(ii) Déan cur síos ar **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a theacht chun cinn mar thoradh ar shaothrú ola agus gáis.

(10)

### C. Síonchaitheamh

Mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a dhéantar síonchaitheamh ar charraigeacha mar gheall ar ghníomhaíocht an tseaca.

(10)

## Ceist 2. AERÁID AGUS AIMSIR

### A. Cineál Aeráide


(i) Ainmnigh aeráid **fhuar amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

(ii) Mínigh na hairíonna teochta **agus** frasaíochta a bhaineann leis an aeráid **fhuar** seo.


(iii) Déan cur síos ar shlí **amháin** a ndearna an fásra nádúrtha oiriúnú don aeráid **fhuar** seo.

(10)

### B. Gléasanna Aimsire




www.deviantart.com



www.directindustry.com



www.wikipedia.org



www.flickr.com

(i) Ainmnigh gach ceann de na gléasanna aimsire **A**, **B**, **C** and **D** a thaispeántar thuas.

(ii) Roghnaigh **dhá** cheann ar bith de na gléasanna a thaispeántar thuas **agus** déan cur síos ar an tslí a n-úsáidtear iad chun an aimsir a thaifeadadh.

(10)

### C. Triomach


(i) Ainmnigh limistéar a mbíonn an-drochthriomach ann **agus** mínigh cén fáth a dtarlaíonn triomach sa limistéar seo.

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar na slite a dtéann an triomach i bhfeidhm ar ghníomhaíocht an duine sa limistéar seo.

(10)

**Ceist 3.** **STAIDÉAR DAONRA**

**A.** **Pirimidí Daonra**




Scrúdaigh na pirimidí daonra thuas.

(i) Déan cur síos ar an tionchar a bhíonn ag rátaí breithe **agus** rátaí báis ar struchtúr gach ceann den dá **Phirimid A** agus **B**.

(ii) Mínigh **dhá** chúis a mbíonn an t-ionchas saoil níos airde ná i dtíortha áirithe.


(12)

**B.** **Dlús Daonra**

Déan cur síos ar **dhá** shlí a mbíonn tionchar ag dlús an-íseal daonra i réigiún a bhfuil staidéar déanta agat air.

(8)

## C. Athrú Daonra




Curtha in oiriúint ó www.geogonline.org.uk

Taispeánann an léaráid thuas athrú daonra le himeacht ama.

(i) Cén t-ainm a thugtar ar an léaráid seo a thaispeánann athrú daonra?

(ii) Mínigh gach ceann acu seo a leanas:

(a) An fáth a luainíonn an ráta báis (téann sé suas agus síos) i gCéim 1.
(b) An fáth a dtiteann an ráta báis go tapa i gCéim 2.
(c) An fáth a bhfuil laghdú nádúrtha ar an daonra i gCéim 5.

(10)

**Ceist 4.** **MEASCÁN TÍREOLAÍOCHTA**

Freagair **TRÍ CINN AR BITH** de na ceisteanna **4A**, **4B**, **4C**, **4D**.

**4A.** **FREAGAIR** (i) **nó** (ii).

(i) **Oighriúchán**

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh de thoradh oighearchreimeadh agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

(10)

**NÓ**

(ii) **Cóstaí**

Ainmnigh gné **amháin** a cruthaíodh de thoradh creimeadh cósta agus mínigh, le cabhair léaráid lipéadaithe, conas a cruthaíodh í.

(10)

**4B.** **Cúnamh**

(i) Cad is brí leis an téarma *cúnamh déthaobhach*?

(ii) Déan cur síos ar bhuntáiste **amháin** agus ar mhíbhuntáiste **amháin** a bhaineann le cúnamh a chur ar fáil do thíortha sa domhan i mbéal forbartha.

(10)

## 4C. Pleanáil Uirbeach




(i) Taispeánann an fótagraf thuas ceantar i gcathair Corcaí ina ndearnadh athnuachan uirbeach.
Mínigh cad is brí leis an téarma *athnuachan uirbeach*.

(ii) Ainmnigh *baile nua* ar bith in Éirinn a bhfuil staidéar déanta agat air.

(iii) Déan cur síos ar **dhá** shaintréith ar bith a bhaineann leis an *mbaile nua* seo.

(10)

## 4D. Tionscal na Déantúsaíochta

Tá an lán tosca ann a mbíonn tionchar acu shuíomh tionscail déantúsaíochta, iad seo san áireamh:

- Amhábhair
- Lucht Saothair
- Margaí
- Iompar
- Caipiteal
- Seirbhísí
- Polasaithe Rialtais.

Mínigh conas a imríonn **trí** cinn ar bith de na tosca thuas tionchar ar shuíomh tionscal déantúsaíochta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

(10)

**Ceist 5. LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS AGUS AN tAERFÓTAGRAF**

**A.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.
Ar do shracléarscail, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas:

- An t-imeallbhord
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i nDún Garbhán
- Limistéar talún os cionn 300 méadar
- Príomhbhóthar náisiúnta.

(10)

**B.** Scrúdaigh **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **trí** chúis a bhfuil Dún Garbhán sa suíomh seo agus fianaise ón **LÉARSCÁIL NA SUIRBHÉIREACHTA ORDANÁIS** agat chun tacú le gach cúis díobh.

(12)

**C.** Scrúdaigh an **tAERFÓTAGRAF** a thugtar leis an bpáipéar seo.

Mínigh **dhá** chúis a meallfaí turasóirí go dtí an limistéar seo agus fianaise ón **AERFÓTAGRAF** agat chun tacú le gach cúis díobh.

(8)